Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 1 Meitheamh 2021
(OR. en)

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2020/0264(COD)**
**2013/0186(COD)**

**9162/21**
**ADD 4**

**AVIATION 134**
**CODEC 772**
**IA 101**

**TUARASCÁIL**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | ST 8419/21 ADD1-3 + ADD1COR1 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | ST 10840/20 + ADD 1, ST 10841/21 + COR 1, ST 11020/20 |
| Ábhar: | Togra leasaithe le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cur chun feidhme an Aerspáis Eorpaigh Aonair (athmhúnlú)<br>Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1139 a mhéid a bhaineann le cumas Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh gníomhú mar Chomhlacht Athbhreithnithe Feidhmíochta an Aerspáis Eorpaigh Aonair<br>– Cur chuige ginearálta |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo ráiteas ó Éirinn, ón bhFionlainn, ó Mhálta agus ón Spáinn maidir leis an bpacáiste SES 2+.

**IARSCRÍBHINN**

**RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH Ó BHALLSTÁIT MAIDIR LEIS AN BPACÁISTE UM ATHCHÓIRIÚ REACHTACH AR SES2+**

Is comhad casta é an pacáiste reachtach maidir le SES 2+ i gcomhthéacs dúshlánach dlíthiúil agus oibríochtúil agus raon leathan geallsealbhóirí bainteach leis. Bíonn sé i gcónaí deacair athrú a dhéanamh i gcúinsí den sórt sin. Á aithint sin dóibh, agus i bhfianaise na haimsire urghnáiche seo arb í paindéim an choróinvíris is cúis léi agus na gcastachtaí doshéanta gaolmhara, aithníonn na páirtithe sa Ráiteas Comhpháirteach seo - Éire, an Fhionlainn, Málta agus an Spáinn - na hiarrachtaí a rinne an Uachtaránacht agus í ag iarraidh dul chun cinn a dhéanamh ag tréimhse fíor-achrannach le haghaidh na heitlíochta Eorpaí. Dá bhrí sin, chun tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an gcomhad seo, vótálfaidh na páirtithe sa Ráiteas Comhpháirteach seo i bhfabhar an chur chuige ghinearálta atá beartaithe a cuireadh faoi bhráid na Comhairle.

Mar sin féin, agus muid ag bogadh tríd an gcéad chéim eile den phróiseas reachtach, agus d'fhonn tógáil ar an obair a rinneadh go dtí seo ar SES 2+, táimid ag tnúth le bheith ag tacú le comhaontú idir an Chomhairle agus an Pharlaimint maidir le hathchóirithe breise struchtúracha agus nós imeachta chun cabhrú le hAerspás Eorpach Aonair a chothú a bheidh níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol, níos athléimní agus níos iomaíche go domhanda. Maidir leis an gcaoi a bhféadfaí é sin a dhéanamh, feicimid go bhféadfaí tuilleadh forbartha a dhéanamh ar rialáil eacnamaíoch sholáthar na seirbhísí aerloingseoireachta agus ar an maoirseacht a dhéantar ar an soláthar sin, ról feabhsaithe don Bhainisteoir Gréasáin, comhordú níos fearr ar an ngréasán Eorpach aerspáis, agus glacadh méadaithe i dtaca le teicneolaíochtaí digiteacha bainistithe aerthráchta chun feidhmíocht seirbhíse a fheabhsú a thuilleadh agus chun tionchar na heitlíochta ar an gcomhshaol a laghdú.

Agus iarracht á déanamh, trí na cuspóirí sin, an luach a chuireann córas iomaíoch bainistithe aerthráchta ar fáil a uasmhéadú, is féidir leis an ngníomhaí riachtanach sin i slabhra luacha na heitlíochta, i gcomhar le pobal aerlínte atá comhfhiosach agus freagrach maidir leis an gcomhshaol, a chuid féin a dhéanamh chun earnáil eitlíochta níos inbhuanaithe agus níos 'glaise' a thógáil ar ais, agus ag an am céanna an nascacht níos leithne agus an fhorbairt eacnamaíoch a ghineann eitlíocht don gheilleagar Eorpach i gcoitinne a éascú. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, a áirithiú go mbeidh córas bainistithe aerthráchta, aerlínte, agus aerfoirt na hEorpa ag déanamh a ndícheall i gcomhar le chéile chun na spriocanna comhchoiteanna sin a bhaint amach lena n-áiritheofar nach bhfillfear ar na srianta acmhainneachta a bhí ann cheana agus lena dtabharfar aghaidh ar na hábhair imní comhshaoil atá ag éirí níos práinní agus atá ag déanamh buartha do chách.

Táimid ag dúil mar sin leis an gcaibidlíocht thríthaobhach idir an Chomhairle agus an Pharlaimint agus leis an deis a thabharfar leis sin rud éigin dearfach a bhaint as Covid-19 seachas a bheith sáinnithe mar gheall air. Tuigimid gur atreoraigh an tionchar a bhí ag an bpaindéim dhomhanda atá ann faoi láthair an aird a bhí ar an bhfíor-ghéarchéim acmhainneachta eitlíochta in 2019, ach in ainneoin sin is ann go fóill do shrian acmhainneachta foluiteach meántéarmach in aerspás na hEorpa agus tá riachtanas comhshaoil ann nach mór aghaidh a thabhairt air. Más féidir aon rud a fhoghlaim ón stair, ní ceart fanacht, sula dtabharfar faoi na nithe seo, go dtí go gclisfidh an córas nó go n-imeoidh staid an chomhshaoil in olcas a thuilleadh.